



Treoir WorldWise Global Schools maidir le

CUMARSÁID EITICIÚIL



Meán Fómhair 2024

Treoir WWGS maidir le Cumarsáid Eiticiúil

Is é is aidhm don Treoir seo maidir le Cumarsáid Eiticiúil a chinntiú go dtagann an chumarsáid OSD ar fad i d'ionad le luachanna an cheartais dhomhanda ó thaobh comhionannais, dlúthpháirtíochta agus foghlaim chomhroinnte. Tá idir obair OSD as líne (cláir thaispeána sa seomra ranga agus i spásanna poiblí, cuir i láthair, tionóil, nuachtlitreacha srl.) agus obair OSD ar líne (suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, ríomhphoist srl.) i gceist leis an gcumarsáid sin.

Iarraimid ar gach duine atá ag gabháil do OSD i d'ionad oideachais an Treoir seo a léamh. Féachai gí chuige, le bhur dtoil, go bhfuil aon phíosa cumarsáide atá beartaithe ag teacht leis an eitic seo, agus déan aon athruithe is gá sula bhfoilsítear an t-ábhar.

Tá an Treoir seo bunaithe ar Threoirphrionsabail WWGS. Bíonn obair WWGS agus an cur chuige atá againn maidir le OSD bunaithe ar na cúig phrionsabal sin. Baineadh leas as an Treoir Dóchas maidir le Cumarsáid Eiticiúil (2023) freisin agus an Treoir seo á hullmhú.

TREOIRPHRIONSABAIL WWGS

DÍFHOGHLAIM AGUS ATÓGÁIL: An méid atá ar eolas againn a cheistiú agus meon oscailte a choimeád.

BUNCHÚISEANNA A AIMSÍÚ: Cúiseanna na héagthroime nó na héagóra a fhiosrú.

TÚS ÁITE DO CHEARTA AN DUINE: Níor cheart go mbeadh dúshaothrú daoine ina thoradh ar ár ngníomhartha agus ár réitigh ar cheisteanna domhanda.

NAISC A DHÉANAMH IDIR AN GHNÉ ÁITIÚIL AGUS AN GHNÉ DHOMHANDA: Nasc a dhéanamh idir ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda, agus a mhalairt.

GNÍOMHÚ I nDLÚTHPHÁIRTÍOCHT: A bheith ag obair le chéile ar comhchéim chun cur in aghaidh na héagóra.

Tá nasc láidir idir an tuiscint a bhainimid as rudaí agus an sórt duine atá ionainn. 'Ní mar atá sé a fheiceann tú an domhan, ach mar atá tú féin' - Anais Nin, file.

Ba chóir aon phíosa cumarsáide a bhaineann le OSD (grianghraf, taispeántas, teachtaireacht ar na meáin shóisialta srl.) a sheiceáil trí leas a bhaint as na 5 chéim seo a leanas:

1. Sainithin an cheist ceartais dhomhanda agus na Treoirphrionsabail atá á léiriú sa phíosa cumarsáide

- Cén cheist nó cén téama ceartais dhomhanda atá á chur in iúl?
- Faigh amach cé acu de Threoirphrionsabail WWGS thíos a léirítear sa phíosa cumarsáide.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis na Treoirphrionsabail a léirítear:

DÍFHOGHLAIM AGUS ATÓGÁIL: An méid atá ar eolas againn a cheistiú agus meon oscailte a choimeád.

- a. Cá bhfaighimid ár gcuid eolais? Cé na guthanna nach gcloisimid?
- b. Conas is féidir linn domhan a chothú atá cóir agus inbhuanaithe do chách?

BUNCHÚISEANNA A AIMSÍÚ: Cúiseanna na héagothroime nó na héagóra a fhiosrú.

- a. Cad iad na cúiseanna stairiúla?
- b. Cén fáth a leanann an éagothroime agus an éagóir ar aghaidh?

TÚS ÁITE DO CHEARTA AN DUINE: Níor cheart go mbeadh dúshaothrú daoine ina thoradh ar ár ngníomhartha agus ár réitigh ar cheisteanna domhanda.

- a. Cén fáth a bhfuil meas ar chearta roinnt daoine, ach nach bhfuil meas ar chearta daoine eile?
- b. An gcuirtear luach ar chearta gach duine sna réitigh a chuirtear i láthair ar an gceist seo?

NAISC A DHÉANAMH IDIR AN GHNÉ ÁITIÚIL AGUS AN GHNÉ DHOMHANDA: Nasc a dhéanamh idir ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda, agus a mhalairt.

- a. Cén bhaint atá againne le cásanna éagothroime agus éagóra ar domhan?
- b. Cad is féidir linn a dhéanamh inár gceantar féin agus sa tír seo a mbeidh tionchar fiúntach aige ar fud an domhain?

GNÍOMHÚ I nDLÚTHPHÁIRTÍOCHT: A bheith ag obair le chéile ar comhchéim chun cur in aghaidh na héagóra.

- a. An bhféadfadh ár bhfocail agus ár ngníomhartha cur leis an éagothroime agus an éagóir?
- b. An féidir linn smaoineamh ar aon samplaí (inár gceantar féin nó ar fud an domhain) a léiríonn dlúthpháirtíocht leo siúd atá ag cur in aghaidh éagóra?

2. Féach mar a léirítear daoine aonair, grúpaí, pobail, géarchéimeanna agus ceisteanna domhanda

Smaoinigh ar na daoine agus na cásanna a léirítear sa píosa cumarsáide (íomhánna agus téacsanna) agus cinntigh nach bhfuil aon steiréitíopaí, gáifeachas ná idirdhealú i gceist leo.

	✓	✗	Nótaí
An gcinntítear nach ndéantar dochar do na daoine lena mbaineann an píosa cumarsáide ná nach ndéantar steiréitíopáil orthu?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An bhfuil guthanna éagsúla, dearchtaí difriúla agus insintí malartacha san áireamh nuair is féidir é?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An bhféachtar chuige nach bhfuil ár gcuid focal agus ár ngníomhartha ag cur leis an neamhionannas?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An ndearnadh machnamh ar an gcaoi a léirítear cine, inscne, cumas, eitneachas agus féiniúlacht ghnéis?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An ndearnadh machnamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cúrsaí cine, inscne, cumais, eitneachais nó féiniúlachta gnéis ar an spriocghrúpa?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	

- Conas a léirítear meas ar chearta an duine, meas ar an éagsúlacht agus tiomantas don neamh-idirdhealú sa phíosa cumarsáide?
- Conas a léirítear meas sa phíosa cumarsáide seo ar dhínit agus ar phríobháideachas na ndaoine agus na n-áiteanna atá i gceist?
- Tá tábhacht leis an bhfriotal, leis na focail agus leis an téarmaíocht; an bhfágann na focail go gcuirtear an ceartas sóisialta chun cinn nó an dtreisítear na dearcthaí atá i réim? (mar shampla, bain úsáid as an téarma ‘an Domhan Theas’ seachas ‘Tíortha i mBéal Forbartha’, ‘an Tríú Domhan’ srl.)

3. Cuir chun cinn prionsabail an cheartais dhomhanda maidir le dlúthpháirtíocht agus comhbhá

	✓	✗	Nótaí
An seachnaítear trua, éagothroime cumhachta agus/nó steiréitíopaí diúltacha sa phíosa cumarsáide?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An gcuirtear an dlúthpháirtíocht agus an comhoibriú chun cinn?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An dtugtar léiriú cóir cruinn ar na daoine nó ar an gceist leis na príomhghuthanna agus na príomhtheachtaireachtaí?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An ndearnadh machnamh ar ghníomh a dhéanamh atá bainteach leis an bpíosa cumarsáide, nó ar athrú fiúntach a léiriú?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	

- Cé na mothúcháin a spreagann an píosa cumarsáide?

4. Déan léiriú cruinn ar an gcomhthéacs

	✓	✗	Nótaí
An bhfuil an t-eolas, na fotheidil, na tagairtí agus na hainmneacha cruinn sa phíosa cumarsáide? An bhfuarthas cead iad a úsáid agus an urramaítear an phríobháideacht leo?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An léirítear éagsúlacht daoine ann?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An seachnaítear ginearálú, steiréitíopáil agus easpa caolchúise (mar shampla, le focail ar nós 'na daoine seo' agus 'muidne agus iadsan')?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An bhfuil na híomhánna iontaofa nó ar athraíodh iad ar aon bhealach?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	

- Smaoinigh ar an gcaoi a léirítear cultúr na ndaoine nó cultúr na háite sa phíosa cumarsáide. Ar cuireadh i gcomhthéacs é ó thaobh na staire, na heacnamaíochta, na polaitíochta, nó córasacha níos leithne?

5. Cinntigh go dtugtar toiliú feasach

	✓	✗	Nótaí
An bhfuil gach duine a bhí páirteach sa phíosa cumarsáide seo tar éis toiliú go n-úsáidfí a scéal nó a íomhá?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An bhfuil a fhios ag na rannpháirtithe cá háit agus conas a úsáidfear an t-ábhar?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	
An rachfar i gcomhairle leis na rannpháirtithe sula bhfoilseofar an t-ábhar?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	